**Ordú na Cúirte Breithiúnais (an Deichiú Dlísheomra) an 17 Eanáir 2023 (iarraidh ar réamhrialú ón Sąd Rejonowy w Bydgoszczy – an Pholainn) – D.-F. sp. z o.o. v D.L.**

**(Cás C-476/22)** ([1])

***(Tarchur chun réamhrialú – Airteagal 53(2) agus Airteagal 94 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais – Ceanglas na cúiseanna a lua a thugann bonn cirt don ghá le freagra ón gCúirt Bhreithiúnais – Easpa sonraí leordhóthanacha – Do-ghlacthacht fhollasach)***

(2023/C 94/10)

*Teanga an cháis: an Pholainnis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Sąd Rejonowy w Bydgoszczy

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* D.-F. sp. z o.o.

*Cosantóir:* D.L.

**An chuid oibríochtúil**

Tá an iarraidh ar réamhrialú ón Sąd Rejonowy Wydział Cywilny w Bydgoszczy (an Chúirt Dúiche (Rannán Sibhialta), Bydgoszcz, an Pholainn), a déanadh le cinneadh an 6 Meitheamh 2022, doghlactha go follasach.

([1]) Dáta taiscithe: 15.7.2022.

---

**Achomharc arna thabhairt an 1 Meán Fómhair 2022 ag bonnanwalt Vermögens- und Beteiligungsgesellschaft mbH i gcoinne ordú na Cúirte Ginearálta (an Séú Dlíhsheomra) a fógraíodh an 16 Meitheamh 2022 i gCás T-83/20 bonnanwalt Vermögens- und Beteiligungsgesellschaft mbH v Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh**

**(Cás C-580/22 P)**

(2023/C 94/11)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* bonnanwalt Vermögens- und Beteiligungsgesellschaft mbH (ionadaí: T. Wendt, Dlíodóir)

*Páirtithe eile sna himeachtaí:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh, Bayerischer Rundfunk, Hessischer Rundfunk, Mitteldeutscher Rundfunk, Norddeutscher Rundfunk, Rundfunk Berlin-Brandenburg, Saarländischer Rundfunk, Südwestrundfunk, Westdeutscher Rundfunk Köln, Radio Bremen

**An t-ordú atá á lorg**

— ligean don achomharc dul ar aghaidh;

— ordú na Cúirte Ginearálta an 16 Meitheamh 2022 i gCás T-83/20 a chur ar neamhní agus, ós rud é go gceadófar le staid na n-imeachtaí go dtabharfar breith ar an gcás, leanúint leis na himeachtaí, a dhearbhú go ndearnadh trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh Uimh. 10 237 543 a chúlghairm le héifeacht ón 15 Samhain 2017, lena n-áirítear le haghaidh na seirbhísí “cláir agus sleachta nuachta a chraoladh”;

— a ordú do shealbhóirí thrádmharc an Aontais Eorpaigh costais na n-imeachtaí achomhairc a íoc, mar aon le costais na n-imeachtaí seo;

— mar mhalairt air sin, an cás a tharchur ar ais chuig an gCúirt Ghinearálta.